An Roinn Oideachais agus Scileanna

Department of Education and Skills

Meastóireacht Scoile Uile
Bainistíocht, Ceannaireacht agus Foghlaim

TUAIRISC

Gaelscoil an Chuilinn,
Bóthar an Phaoraigh, Baile an Tirialaigh,
Baile Átha Cliath 15
Uimhir rolla: 20394M

Dáta na Cigireachta: 4 Bealtaine 2016

AN ROINN OIDEACHAIS AGUS SCILEANNA | DEPARTMENT OF EDUCATION AND SKILLS

AN CHIGIREACHT

Tuairisc ar Mheastóireacht Scoile Uile – Bainistíocht, Ceannaireacht agus Foghlaim

Réamhrá

Rinneadh Meastóireacht Scoile Uile – Bainistíocht, Ceannaireacht agus Foghlaim (MSU – BCF) i nGaelscoil an Chuilinn i Mí Bealtaine 2016. Tá an tuairisc seo bunaithe ar shampla de cheachtanna a breathnaíodh i raon de shuíomhanna foghlama sa scoil, caidreamh le daltaí agus athbhreithniú ar a gcuid oibre, cruinnithe leis an bpríomhoide agus le hionadaithe an bhoird agus na dtuismitheoirí, ceistneoirí a líon tuismitheoirí agus daltaí, agus raon de dhoiciméid scoile. Glacann an bord leis gurb í an tuairisc seo an tuairisc chigireachta dheiridh atá le foilsiú agus is mian leis freagairt go foirmiúil don tuairisc. Aontaíonn an bord go gcuirfear an fhreagairt atá curtha isteach san áireamh mar aguisín leis an tuairisc fhoilsithe. Tá freagairt an bhoird curtha isteach thíos.

Is bunscoil chomhoideachais, lán-Ghaeilge í Gaelscoil an Chuilinn atá faoi phatrúnacht an Fhorais Phatrúnachta. Bunaíodh an scoil i 2012, agus faoi láthair, tá 134 dalta cláraithe ar na rollaí. Tá tinreamh na ndaltaí an-mhaith.

Is iad seo a leanas **na príomhchinntí:**

- Tá cáilíocht foghlama na ndaltaí ar ardchaighdeán.
- Sroicheann tromlach na ndaltaí caighdeán an-mhaith maidir le scileanna labhartha, léitheoireachta agus scríbhneoireachta na Gaeilge.
- Tá tacaíocht d'fholláine na ndaltaí ar fheabhas.
- Tá cáilíocht an teagaisc sa scoil go maith, le sár-chleachtas sonraithe i gceachtanna áirithe.
- Tá an phleanáil churaclaim ar bhonn scoile uile ar fheabhas; b'fhiú, áfach, forbairt chéimniúil na teanga a shoiléiriú sa phleanáil ghearrthréimhseach.
- Oibríonn an bord bainistíochta, coiste na dtuismitheoirí agus an fhoireann lena chéile chun éiteas na scoile a chur chun cinn, agus tá ag éirí go geal leo.

Déantar **na príomh-mholtaí** seo a leanas:

- Moltar do na hoidí ionchur teanga chéimniúil, thar snáithe an churaclaim, a shoiléiriú ina gcuid pleananna gearrthéarmacha.

Torthaí

1. Gnóthachtáil foghlama na ndaltaí

- Tá cáilíocht na foghlama agus ghnóthachtáil na ndaltaí ar ardchaighdeán. Léiríonn na daltaí spéis san fhoghlaim tríd a rannpháirtíocht ins na tascanna a chuirtear ar fáil dóibh. Forbraítear a scileanna éisteachta agus labhartha go han-mhaith ó rang go rang agus tá dul chun cinn an-rathúil déanta acu thar go leor achair den churaclaim.
- Baineann tromlach na ndaltaí caighdeán an-mhaith amach maidir le scileanna labhartha, léitheoireachta agus scríbhneoireachta na Gaeilge de. Is léir go bhfuil forbairt chéimniúil á dhéanamh ar a gcuid teanga agus go bhfuil siad in ann iad féin a chur in iúl go soiléir. Léann na daltaí le cumas agus le tuiscint i nGaeilge agus i mBéarla. Tugtar deiseanna dóibh a scileanna scríbhneoireachta fheidhmiúla agus chruthaitheacha a fhorbairt ina gcuid cóipleabhair agus tá fianaise feabhais iontu siúd.

- Baineann na daltaí sóisearacha tairbhe as na gníomhaíochtaí a chuirtear ar fáil dóibh tríd an chlár *Aistear*, agus is léir go bhfuil an-chuid teanga foghlamtha acu cheana féin.
- Sa Mhatamaitic, tá caighdeán na foghlama an-mhaith. Úsáideann na daltaí raon straitéisí uimhríochtúla go héifeachtach. Tá tuiscint an-mhaith acu ar choincheapa matamaitice. Tuigeann siad agus úsáideann siad foclóir na Matamaitice le linn na gceachtanna.
- Tá cnuasach leathan filíochta agus amhráin de ghlanmheabhair ag na daltaí agus is deas an rud é go bhfuil ceol le cloisteáil go minic i rith an lae.
- Tugtar tacaíocht do na daltaí iad féin a chur in iúl trí mheán na drámaíochta. Tá ardchaighdeán bainte amach acu san achair seo den churaclam.
- Tá raon leathan d'obair na ndaltaí curtha suas go tarraingteach ar fud na scoile. Ina measc, tá samplaí d'ealaíona na ndaltaí ar taispeáint go forleathan. Tá sárchaighdeán ag baint leis an obair sin.
- Tá dul chun cinn na ndaltaí le riachtanais speisialta oideachais an-mhaith. Téann siad i mbun raon leathan gníomhaíochtaí a oireann dá gcuid riachtanais.
- Glacann na daltaí páirt ghníomhach ins na ceachtanna Corpoideachais. Éisteann siad go géar agus leanann siad treoracha na múinteoirí go dlúth.

2. Cáilíocht an teagaisc

- Ar an iomlán, tá cáilíocht an teagaisc sa scoil go maith, le sár-chleachtas sonraithe i gceachtanna áirithe. Éiríonn leis an bhfoireann díograiseach seo an Ghaeilge a chur chun cinn. Cloiseann na daltaí togha na Gaeilge uathu. B'fhiú do na hoidí díriú a thuilleadh ar dhaingniú na foghlama ag deireadh gach ceachta.
- Is inmholta mar a dtugann na hoidí treoir do na daltaí faoina gcuid Gaeilge labhartha le linn an chláir *Aistear*. Moltar sprioctheanga a imlíniú níos soiléire sa phleanáil, chun cumas cainte na ndaltaí a mheas agus a fhorbairt.
- Soláthraíonn gach oide pleanáil dá gcuid oibre. Tá pleananna curaclaim den scoth dartha ag an scoil, agus tugann siad treoir cuimsitheach don teagasc. Moltar do na hoidí a chinntiú go bhfuil cuspóirí foghlama luaite go soiléir ina bpleanáil ghearrthéarmach agus go bhfuil idirdhealú curtha san áireamh iontu.
- Breathnaíodh ar theagasc éifeachtach ins na ceachtanna Matamaitice, le cleachtas den scoth i roinnt díobh. Sa chleachtas ab fhearr, cothaíodh nasc idir coincheapa agus gnáth-shaol na ndaltaí, le haird tugtha don idirdhealú. B'fhiú an sár-chleachtas sin a scaipeadh ar fud na scoile.
- Múintear raon stráitéisí uimhríochtúla go héifeachtach. Moltar go mbainfí tuilleadh úsáide as achmhainní coincréiteacha le linn na gceachtanna, chun scileanna réasúnaíochta na ndaltaí a fhorbairt.
- Cuirtear béim an-mhaith ar fhorbairt fónaice agus tuisceana sa léitheoireacht sna dá theanga. Déanann gach oide taifead ar ghnóthachtáil léitheoireachta na ndaltaí.
- Tá cáilíocht an teagaisc do dhaltaí le riachtanais speisialta oideachais ar ardchaighdeán. Baintear leas feiliúnach as an gcur chuige céimnithe. Faigheann na daltaí an-tacaíocht ó na cúntóirí riachtanais speisialta.
- Úsáidtear an-chuid straitéisí chun measúnú a dhéanamh ar dhul chun cinn na ndaltaí. Moltar polasaí measúnaithe a dhearadh chun an dea-chleachtas sin a chlárú.

3. Tacaíocht d'fholláine na ndaltaí

- Tá tacaíocht d'fholláine na ndaltaí ar fheabhas. Déantar bainistíocht an-mhaith orthu. Tá atmaisféar an-dearfach sa scoil agus cothaítear meas ar gach éinne.
- Tugtar go leor deiseanna do na daltaí a scileanna chruthaitheacha agus a scileanna spóirt a fhorbairt tríd an raon leathan d'imeachtaí seach-churaclaim agus comh-churaclaim atá curtha ar fáil dóibh.
- Déantar cumarsáid rialta leis na tuismitheoirí. Seoltar tuairiscí bliantúla chucu faoi dhul chun cinn na ndaltaí.
- Thug údarás na scoile deimhniú go bhfuil glactha go foirmiúil ag an mbord bainistíochta leis na *Nósanna Imeachta Maidir le Caomhnú Leanaí i mBunscoileanna agus i Scoileanna Iarbhunscoile*, gan athrú ná leasú.

- Tugann an fhoireann choimhdeach tacaíocht an-fhiúntach d'obair na scoile.

4. Ceannaireacht agus Bainistíocht

- Tá an bord bainistíochta ag feidhmiú ar ardleibhéal. Éiríonn leo, le comhoibríu ó choiste na dtuismitheoirí agus ón bhfoireann, éiteas na scoile a chur chun cinn. Tá ionchur acu ar dhearadh polasaithe riaracháin agus curaclaim. Seoltar tuairisc bhliantiúil chuig pobal na scoile maidir le gnó na scoile. Éiríonn leis an mbord timpeallacht shábháilte a sholáthar do na daltaí.
- Tugann an príomhoide sár-cheannaireacht don scoil. Tá scileanna idirphearsanta den scoth aige agus cinntíonn sé go bhfuil cur chuige comhsheasmhach i measc na foirne maidir le forbairt na scoile. Faigheann sé an-chabhair ón bhfoireann bainistíochta inscoile, a théann i ngleic lena ndualgaisí ar bhealach an-éifeachtach.
- Tugann coiste na dtuismitheoirí tacaíocht an-mhaith don scoil. Oibríonn siad go cumasach leis an mbord chun achmhainní a chur ar fáil do na daltaí.

5. Féinmheastóireacht Scoile

- Tá spriocanna feabhsaithe tairbheacha leagtha amach ins na pleananna féinmheastóireachta scoile, agus tá na gníomhaíochtaí a bhaineann leo le sonrú i gcleachtas na múinteoirí.

Críoch

Tá cumas an-mhaith ag an scoil chun tuilleadh forbartha a dhéanamh.

Foilsíthe Deireadh Fómhair 2016

Aguisín

Freagra na scoile ar an Tuairisc

Arna chur isteach ag an mBord Bainistíochta

Réimse 1: Tuairimí ar ábhar na tuairisce scoile

Cuireann Bord Bainistíochta Ghaelscoil an Chuillin agus Cumann na dTuistí (CAIRDE) fáilte roimh an tuairisc iontach dearfach seo.

Is ábhar mórtasach í an t-aitheantas a tugadh d'ardchaighdéan gnóthachtáil foghlama na ndaltaí, dea-chleachtas na múinteoirí agus an sár-chaighdeán tacaíocht a chuirtear ar fáil d'fholláine na ndaltaí.

Molann muid an t-ardchaighdeán oibre ata á bhaint amach ag foireann agus páirtithe leasmhara uile na scoile chun atmaisféar dearfach atá tugtha don fhoghlaim a chothú i nGaelscoil an Chuilinn.

Tá Bord Bainistíochta na scoile iontach sásta leis an aiseolas fíor-dhearfach a thuairiscíodh sna ceistneoirí a líon tuistí agus páistí na scoile.

Réimse 2: Gníomhartha leantacha a rinneadh nó atá beartaithe le déanamh ó cuireadh críoch leis an ngníomhaíocht chigireachta chun tátail agus moltaí na cigireachta a chur i bhfeidhm

Tá Bord Bainistiochta na scoile sásta aghaidh a thabhairt ar an príomh-mholadh a tugadh dúinn sa tuairisc Meastóireacht Scoile Uile; ionchur teanga chéimniúil a shoiléiriú thar snáithe an churaclaim.

Déanfaidh foireann na scoile tabhairt faoin sprioc seo faoi stiúr Churaclam Nua Teanga na Bunscoile atá ag teacht thar sruth go luath.